

GAIRMEACHA BEATHA ROINNT SCRÍOBHAITHE ÓN 18ú AGUS
ÓN 19ú CÉAD

D'FHÉADFAÍ a áiteamh nach raibh ach triúr scríobhaí 'gairmiúil', go bhfios dúinn, ar líon na scríobhaithe Gaeilge san 18ú agus san 19ú céad. B'iad sin Pól agus Seosamh Ó Longáin agus Muiris Ó Gormáin. Mar adeir Breandán Ó Conchúir i leith Phóil: 'ní heol dúinn gur chuaigh Pól le haon obair eile, lasmuigh d'obair an scríobhaí, ach obair na múinteoireachta';¹ agus i leith Sheosaimh: 'ba é Seosamh ab fhearr, i measc chlann mhac Mhíchíl Óig, a thug ceird na scríbhneoireachta leis, agus ba é ba mhó a bhain cáil amach dó féin san ealaín sin'.² Fiú, ar bhonn 'os cionn céad go leith lámhscríbhinn ar marthain arbh é Mícheál Óg [athair na beirte] a scríobh iad . . . agus tuairim leathchéad eile a bhfuil rian a láimhe iontu',³ ní ag tuilleamh a choda leis an bpeannaireacht amháin a shaothraigh Mícheál Óg a shlí bheatha.

Ba mhínic a chaitheadh scoláirí-scríobhaithe dí-shealbhaithe an léinn Ghaeilge, agus iad ar an ngannchuid, tréimhsí gearra i dtithe feirmeoirí nó i dtithe daoine measúla ag múineadh Gaeilge don teaghlach – ar bheagán luach saothair – agus faid a bhídís ann, dheinidís a n-iarrachtaí scríbhneoireachta.⁴ Thugadh an taithí múinteoireachta sin misneach dóibh, b'fhéidir, chun dul i mbun scoile – scoil scairte nó scoil faoi choimirce na cléire nó faoi choimirce an Stáit (san 19ú céad). Is fíorbheag scríobhaí nár ghlac an cúram sin air féin. Ach dála Dhonncha Rua Mhic Conmara ('Ag múineadh scoile do b'obair dom laethibh / 's i rún don phobal go mb'fholamh an chéird sin'),⁵ d'éirídis as an ngairm sin, ó am go chéile, chun filleadh b'fhéidir, 'ar a gceardaibh dúchais'.

Iad siúd 'nár ceangladh go gasta le céird as . . . [a n-]óige', mar adúirt Eoghan Rua Ó Súilleabháin ina leith féin, thugaidís an bóthar leo, nuair ba chúí é, ag spailpínteacht, nó ghlacaidís cibé saothar sclábhaíochta a bhíodh ar fáil cóngarach don mbaile. Leis an bhfeirmeoireacht a ghabhadh roinnt eile de na scríobhaithe; minic go leor chuirí as a seilbh iad, nó, ar chúinsí áirithe – uaireannta de dheasca an cíos a bheith ró-ard – d'éirídis féin as.⁶

¹B. Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850* (Baile Átha Cliath 1982) 147.

²*ibid.*, 154.

³*ibid.*, 101.

⁴Cf. 'I was moved with a desire to gett the said History of Keting . . . which I accomplished by means of a scoolmaster on[e] Henry O Hart a native of the county of Sligo whom I kept to teach my children' (Thomas Harte chun a mhic, Morgan, i dTuaim [Co. na Gaillimhe], deireadh an 17ú céad: LN G 292); 'At August 11th 1832 just on a friday I began with going to Mr. McCarthy's teaching the Irish Language to Miss Jane and to Mr. Joey' (Mícheál Óg Ó Longáin: LN G 103, lch 63).

⁵R. Ó Foghludha (eag.), *Donnchadh Ruadh Mac Conmara* (Baile Átha Cliath 1933): Eachtra Ghiolla an Amaráin, línte 11–12.

⁶Faoi mar a tharla tráth do Mícheál Óg Ó Longáin (MM 97, lch 244).

Cibé cúram a bhíodh orthu le pingíní airgid a thabhairt isteach, ní fhágadh sin iad gan aga acu dul ar thóir ar na lámhscríbhinní.⁷ Dhealródh sé gur ‘na thamallaibh tar éis Aifrinn gach Domhnach’⁸ nó ‘smuth dó gach lá Dom[h]naicc is tamal gac[h] aon oidhche’⁹ nó ‘am aimsir d[h]íobhuinn’¹⁰ a dheididís a gcóipeáil.

Níor mhiste aicme eile scríbhneoirí a chuir san áireamh: fir ghnótha,¹¹ lucht ársaíochta¹² agus an chléir¹³ – ar phátrúin iad chomh maith – ach gur dhóichí nár ghoill cruatan an tsaoil úd chomh dian sin orthu siúd. Seo thíos cnuasach de ghairmeacha beatha na scríobhaithe,¹⁴ ní ‘de réir an traidisiúin’ ach ar fhianaise a lámh féin nó ar fhianaise scríobhaithe eile (nó pátrúin/úinéirí) nó a dhréachtanna filíochta, agus is iad na leaganacha Gaeilge amháin a thugaim.¹⁵ Seachas an cur amach atá agam féin ar throlach na lámhscríbhinní sa Leabharlann Náisiúnta, is i dtaobh le catalóga na mbailiúchán eile a bhíos.¹⁶ Fómhar beag ó ghort mór a thoradh.

⁷ . . . do thiomargas síos et suas air fuaid na Mumhan maille re mórán trioblóide et saothair dá ccuir a neagar a chéile annsa ccairt so’ (Seán Ó Dreada, LN G 819, lch 322).

⁸ Dáibhidh do Barra, LN G 656, lch 205.

⁹ Donnchadh Ó Shéacháin, Dún Mhuire (OFM) A 50, lch 207.

¹⁰ Mícheál Ó Raghallaigh, MR 97, lch i.

¹¹ e.g. Donnchadh Ó Floinn agus a mhac Donnchadh Óg.

¹² e.g. John Windele.

¹³ e.g. An tAthair Maitiú Ó hArgáin.

¹⁴ Ba cheird (gairm bheatha) í an pheannaireacht, chomh maith. Is minicí an focal *scríbhneoir* acu ar fhear na ceirde sin, corr-uair tugann siad *cléireach* orthu féin: féach ‘A léagthóir guidh er an gcleareach’ (RIA 23 I 16, lch 442; Seán Ó Coileáin, an scríobhaí), ‘. . . guidhe er anam an chléirig . . . D. neamhurchoideach Ua Sgannuill’ (LN G 807, lgh 189 etc.).

¹⁵ Níor áirios leithéid ‘Professor of the Irish Language’, mar a thug Muiris Ó Gormáin air féin, etc.

¹⁶ Ró-mhinic fágtar colafain agus nótaí imeallacha na scríobhaithe ar lár i catalóg na lámhscríbhinní san RIA. Ba mhóir an chabhair, áfach, leabhar Uí Chonchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, chun roinnt mhaith de na bearnaí a líonadh.

NODA

Aber.	Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige, Aberystwyth
LN G	Lámhscríbhinní Gaeilge Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
MB	Lámhscríbhinní breise i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad
MC	Lámhscríbhinní Uí Chomhraí i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad
MM	Lámhscríbhinní Uí Mhurchú i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad
MR	Lámhscríbhinní Uí Reineacháin i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad
RIA	Royal Irish Academy
T	Lámhscríbhinní Thornha i gColáiste Ollscoile Chorcaí

1. MÚINTEOIREACHT¹⁷

1. *Uilliam Mac Coitir* (Cluain Molt, Co. Chorcaí, 19ú céad): ‘Atáimse le sealad aimsire i gcaidreamh ris an dteangain sin [an Ghaeilge] a theagasc agus a scríobh’ (LN G 99, lch 73).

2. *Séamas Mac Suibhne* (IarChairbre, Co. Chorcaí, 19ú céad): ‘*fáth-oide*’ [sa scoil náisiúnta, Ros Broin: Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 30] (Institiúid Chartlannaíochta Chorcaí, LS G 5 (1839)).

3. *Seán Ó Coileáin* (IarChairbre, Co. Chorcaí, 18ú céad): dán ‘Air bhás chSeáin Uí Choileáin, Cairbreach, *oide léighinn*’ (Leabharlann na nÍósánach, Baile Átha Cliath, LS 8, lch 339).

4. *Seán Ó Dálaigh* (19ú céad): ‘Críoch le Seaghan Ó Dála *feithmheoir Gaoidheilge* [i.e. cigire Bíoblóireachta] ag Eochuill . . . 1828’ (T xiv, lch 48).¹⁸

5. *Cormac Ó Fichealla* (c.1748–1831): ‘Mise C. Ó F. tá anois i gcúram scoile iona dtugaid Lancaster, i gCorca san mbliain 1823’ (RIA 12 F 7, lch 75); admháil ar dhíolaíocht a fuair sé as ‘trí mí *oidis* a tteanga na Gaoidhilge’ (Dún Mhuire (OFM) A 51, íteam 1).

6. *Tadhg Ó Flannagáin* (18ú céad): ‘Airna ghraifneadh a n-árd-mhúr Ollamhan Éirion .i. Colaisde na Tríonóide, in Áth Cliath Dub-line . . . le Tadhg Ua Flannagáin, *óg-dhámh in ealaidheain*’¹⁹ (MC 113(j)(37)).

7. *Labhrás Ó Fuartháin* [al. *Ó Horáin* etc.] (Co. Phort Láirge, 18ú céad): ‘Tugach gach aon eisdeas no léaghfas í beannacht air anam an sgríbhneóra do sgríobh ann so í eadhon Labhrás Ó Horáin *Maighistir bocht Sgoile* a mBaile Uí Chnámhín an Uachtar Tíre a bPúeracha . . . 1762’ (Ollscoil Madison–Wisconsin, LS 177, lch 31); ‘Labhrás Ó Horáin, *sgola mhaighistir bocht* a mBaile Uí Chnamhín’ 1762 (LN G 311, lch

¹⁷Sa 20ú céad a fuair an chéad thagairt i lámhscríbhinn do ‘mhúinteoir’, scríobhaí a chleacht an cheird: ‘An Seabhac, *múinteoir*. Cr[aoibh] Íbh Ráthaigh’ (LN G 710, lch 3).

Níor mhiste, b’fhéidir, na ceirdeanna seo a áireamh, *dámhas-mháistir*, *máistreás fuála*, atá luaite i leith dhaoine nár scríobhaithe iad, ag Seán Ó Muláin (MM 11, lch 11) agus ag Amhlaoibh Ó Súilleabháin (T. de Bhaldraithe (eag.), *Cín lae Amhlaoibh* (Baile Átha Cliath 1970) líne 2537) faoi seach.

¹⁸Tuilleadh eolais ar an gceird seo ag P. de Brún, *Éigse* 23 (1989) 80.

¹⁹Bhí sé sa Choláiste ó 1784 go 1796 agus is cosúil go mbíodh sé ag múineadh Gaeilge ann: féach Máire bean Í Sheanacháin, ‘Theophilus Ó Flannagáin’, *Galvia* 3 (1956) 19–29, lgh 21–6 go háirithe.

107); 'Arna sgríobhadh maille re aon don *órd neamhollamhanta* .i. L. Ó F . . . 1768 . . .' (Coláiste Eoin, Port Láirge, LS 8, lch 306).

8. *Peadar Ó Gealaca(i)n* (Co. na Mí, 19ú céad): dán 'chum Pheadair Uí Gealacan, *teagasgóir*, aig an gCaisleán Cam . . . 1823' (LN G 809, lch 666).²⁰

9. *Tomás Ó hIceadha* (ó Bhaile Ghrae, Co. Thiobraid Árann, 19ú céad): 'Airna athsgríobhadh anois . . . le Tomás Ó Iceadha, *oide Gaoidheilge* san cColáiste reamhráidhte [Coláiste Eoin], a n-aois 65 A.D. 1840' (Coláiste Eoin, Port Láirge, LS 6(a), lch III).

10. *Mícheál Óg Ó Longáin* (Béal Átha Maghair, i bpar. Dhún Bolg, Corcaigh, 1766–1837): 'san mbliain 1799 is ea *bhí scoil agam* . . .' (RIA 23 G 21, lch 510); '*Ag múineadh scoile* i bparóiste Ghleanna Maghair' (RIA 23 G 24, lch 328 (1809)); '. . . *oide léighinn* a seipéal Ghleanna Maghaidhir' (MM 100, lch [i] (1813)); '. . . *oide scoile* a Seipeal Ghleanna Maghaidhir' (MM 101, lch [iii] (1814)); '*ag múineadh Gaeilge*' (RIA 23 G 25, lch 360); 'dob éigin do Mhícheál Ó Longáin noch do bhí *ag seoladh scoile* . . .' (RIA 23 N 32, lch 98).

11. *Éamonn Ó Mathghamhna* (Corcaigh, ob. 1822): [dán] 'Chum Eamoin Uí Mhathamhna *oide léighinn* a gCaisleán Íbhe Liatháin . . . 1814' (MB 11, lch 157).

12. *Tomás Ó Míodhcháin* (Inis, Co. an Chláir, 18ú céad): [barántas] '. . . go dtánaig go mórtaiseach mímhúinte go *scoil Thomáis Uí Mhíocháin* . . . *teagascóir na n-uimhírealaíon* in Inis' (P. Ó Fiannachta, *An barántas* (Má Nuad 1978) 166); 'Seamus Boinbhiol ct ar an masladh fuair Tomás suaírc Ó Míocháin *ardmhaighistir nuibhreach*' (British Library Eg. 150, f. 339 b).²¹

13. *Amhlaoibh Ó Súilleabháin*²² (Callainn, Co. Chill Choinnigh, 19ú céad): 'tógadh *tigh scoile* . . . ba bheag an *bothán scoile* é. . . . Is iomdha bliain . . . chaitheas . . . *ag múineadh scoile* sa mbothán so' (de Bhaldraithe, *Cín lae Amhlaoibh*, línte 263–70, 1626, 1790); 'leis an aos óg a *theagasc*' (MC 116; de Bhaldraithe, xxiii).

14. *Eoghan Rua Ó Súilleabháin* (file agus scríobhaí, 18ú céad): 'chum sagairt ag iarraidh air fógradh go raibh sé chum scoile d'oscailt': 'A shagairt dhil cháidh 's a bhráthair Néill is Airt / . . . go dtáinig mé . . . *chum teagaisc* / aithris . . . go *dteagascaim* clann gach dream . . .' (P. Ua Duinnín (eag.), *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Súilleabháin* (Baile Átha Cliath 1901) 58).

²⁰'Peter Gallegan, preceptor', LN G 809, lch 553.

²¹'Teacher of Accompts and Mathematics in Ennis': fógra ó Ó Míodhcháin ar chúl leabhair le John Lloyd, 'A short tour, or an impartial and accurate description of the county of Clare, Ennis 1780' (R. Flower, *Catalogue of Irish manuscripts in the British Museum II* (London 1926) 185).

²²Tugann sé *seanchaí* air féin: '. . . do ghabhas féin .i. Amhlaoibh Ó Súilleabháin, seanchaí. . .' (de Bhaldraithe, *Cín lae Amhlaoibh*, líne 8).

15. *Séamas Ó Súilleabháin* (19ú céad): ‘Crioich re S. Ó S. *oide múinte*’ (Aber. Add. 419, lgh 45, 49).²³

16. *Tomás Ó Súilleabháin* (Corcaigh, 19ú céad): ‘*Scoilmháistir ar Bhealach na Smuilce*’ (Leabharlann na hOllscoile, Corcaigh, Ls 59 (1812–15)).

2. CEARDAÍOCHT²⁴

17. *Uilliam Rua Mac Coitir* (taobh le Caisleán Ó Liatháin, Co. Chorcaí, c.1675–1738): ‘Óir as é *chúmfas culaíghthe* [= táilliúireacht] dhóibh’: fo-nóta ag Éamonn de Bhál leis an dán a chum sé ag cur a bheannachta ‘chuid Uilliam Ruaidh Mhic Coitir an tan do bhí cos Éamuinn briste’, tos. ‘Is cnaoidhte an t-othar mé a ndochair gan fagháil ar liaig’ (RIA 23 G 25, lch 337).

18. *Séamus Ó Caoindealbháin*: ‘*figheadóir Ó Fhíodhanach a cCónntae Luimneach*’ (RIA 24 B 31, lch 223 (1822–4)); ‘*an figheadóir i mBaile an Bháda lámh re Aiscéitinne a cConntae Luimneach*’ (Leabharlann na hOllscoile, Corcaigh, Ls 11 (1831)).²⁵

19. *Muiris* (‘Camshrónach’) *Ó Conchubhair*: ‘*saor loinne* a Ccorca Mhóir Múmhan’ (T lxxiv, lch [v] (1769)); ‘do Muiris Ó Conchubhair, *saor loingis* i Leitrim i gCorcaigh’ (British Library Eg. 112, f. 520 v); féach an dréacht filíochta a chum ‘Maighistreas Í Chonchubhair .i. beanchéile Mhuiris . . . [ag] eachuinge air gan triall chun fairge uaithe ná óna cloinn óga’ (LN G 351, lch 127: Muiris an scríobhaí).

20. *Seán* (Eoin) *Ó Dreada* (ó Uíbh Mac Coille, Co. Chorcaí, c.1771–1840): ‘*snaoigheadóir cloiche* (cloch)’ (LN G 842, lch 143 (1820); T xxii, lch 219 (1834); MM 42, lch 88 *et passim*).

21. *Donnchadh Ó Floinn* (cathair Chorcaí c.1760–1830): ‘Litir Thiomanta chun an leagthóra. . . . Giodh tá breis et céad bliaghain ó cuireadh re chéile agus do sgríobhadh an leabhar so. . . . Ag so an t-adhbhar cinte fa’r *dheasaigheas* [= é a cheangal] re hiomad aireachais

²³I gcolafan eile sa lámhscríbhinn, deir an scríobhaí: ‘Finis . . . 1841 . . . Liverpool, James Sullivan Philanthropist’ (féach P. Ó Riain, *Clár na Lámhscríbhinní Gaeilge sa Bhreatain Bhig* (Baile Átha Cliath 1968) viii, do chúlra na lámhscríbhinne seo).

²⁴Is trua nach i nGaeilge a bhreac Muiris Ó Fearghaoile an ráiteas seo i leith an scríobhaí, Uileag de (a) Búrc (Corcaíoch, 18ú céad), nuair adeir sé: ‘Ulick Bourk a tinker by trade . . .’ (LN G 30, lch 154).

Ar éigin is cóir an cheird seo an fhile ó Chill Airne, Fíngin Ó Scanaill, a chur san áireamh de dheasca mearathal aitheantais idir é agus beirt scríobhaí den sloinne céanna (duine dhíobh scríobhaí Hardiman): ‘Tá a fhios ag céad sár-fhear ón mBlárnain go Léin-Loch / Gur minic i gCill Airne go sásta im *chúipéir* mé / Ag déanamh gach áthrthaigh, dá dtáthughadh le chéile . . .’ (P. Ua Duinnín, ‘Filidhe Locha Léin’, *An Claidheamh Soluis* 3 Ean. 1914, 1; Breandán Ó Madagáin a thug an tagairt seo dhom). Agus go dtí go dtagann lámhscríbhinn chun solais a scríobh an file, Eoghan an Mhéirín Mac Carrtha, ní ceadaithe a cheird siúd a áireamh ach an oiread: ‘fear eolgach cliste chun *muilinn do tháthadh ar linn* / . . . / chuireas *muilté mine* ag rith ar srúillibh dian’ (MM 14, lch 409).

²⁵I mBéarla (‘weaver’) a thug an scríobhaí, Dailh Ó Lurcáine (‘David Larkin of Molahiffe in the County of Kerry’), a cheird in RIA 24 P 45, lch 65.

et ar dtabhairt an tiodail so . . . Eithne an Chrabhadh, ainm ná fuair sé go nuige so' (LN G 429, lgh [ix]-[x]); '. . . et arna *chuir* mar so *i bhfoirm* [= é a cheangal] le D. Ó Floinn' (LN G 433, lch teidil); 'Air na bhfaghail do Dhonnchadh *do cheangail faoi chluid* mar so *i gCaithir Chorcaidhe* . . . 1824' (LN G 430, lch [iii]).²⁶

22. *Márta(i)n Ó Gríofa* (ó Cho. an Chláir): '. . . *gabha dubh*' (LN G 673, lch 24); dán 'as leabhar a scríbh Mártan Ó Gríobhtha, *Gabha*, Cill Ruis, 1857' (in T 12, lch 127).

23. *Conchubhar Ó Muláin*: '*sling-dhéantóir* [= 'sley-maker', 'reed-maker'] a Liscearabhuill' [Co. Chorcaí] (Bodleian Library, Oxford, Ir. f. 2 (1810)); '*sling-dhéantóir*' (T xiii(a), lch 18 *et passim* (1814); RIA 23 O 83, lch 24 (1808–1810)).

24. *Mícheál Ó Raghallaigh* (Inis Díomáin, Co. an Chláir): '. . . is *cearduidhe*²⁷ mé' (MR 97, lch i (1827)); '. . . is *fear céirde mé*' (MR 69 [i] (1848–53)).

25. *Tomás Ó Séacháin* [Co. Luimnigh]: 'Air nó sgriobh le Thomás . Ó. Sheacann *gobha* . . . 1818' (Ollscoil Madison–Wisconsin, LS 175, lch 120).

3. OB AIR THALMHAÍOCHTA

26. *Uilliam Ambrós* (Corcaíoch, 19ú céad): 'A shéimhfhir ní caolpion do chleachtasa am dhóid / ach *céachta is me raobadh 's a carta na bhfód*' (MM 10, lch 4).

27. *Pádraig Phiarais Cúndún* (in Utica ins na Stáit Aontaithe, 19ú céad): 'Tá *feirm* bhreagh *thalmhan* agam anois saor go brách: ní féidir le héinne cíos d'éileamh orm' (R. Ó Foghludha (eag.), *Pádraig Phiarais Cúndún* (Baile Átha Cliath 1932) 27).

28. *Seán Ó Cinnéide* (Inis Córthaidh, Loch Garman): '. . . *gar-ríoghdór* . . . 19 la deag don Abrán' [1817] (MC 100(1)(d)).

29. *Tadhg Ó Conaill* (i gCorcaigh): '*garrhdadóir*' (MM 66, lch 153 (1820)); '*gardhadóir*, cois Laoi láimh le Tobar Rígh an Domhnaigh' (MM 67, lch 270 (1826)).

30. *Mícheál Óg Ó Longáin*: 'Ghluaiseas iar mbeith dom sealad mar sin, agus mar ná raibh comhairle athar ná mháthar orm, agus téim *in aimsir ag aoireacht bhó agus ag dul re bainne* . . .' (LN G 99, lch 29); [dán a chum sé] 'Iar mbeith dho 'na chomhnuighe . . . a *ndrochfheirm thalmhann* an tam sin noch do bhí ro dhaor air' (MM 97, lch 244).

31. *Pól Ó Longáin* (Corcaigh, 19ú céad): '. . . fuair Pól 11 *acra talún* ag an gCnoc mBuí' (RIA 23 N 24, lch 79).

32. *Seán Ó Moithill* (an Gleanntán, par. Bhaile Nua na Sagart, Co. Chorcaí): 'Aithristear go bhfuil tonóir ['Proinsiais le Cúrraidhe'] chum

²⁶Bhí siopa grósaera ag Ó Floinn i gcathair Chorcaí (Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 72) agus ní foláir nó gur sa tsiopa úd a chleacht sé ceird lámhscríbhinní a chumhdach.

²⁷Ní heol dom cén cheird a chleacht sé.

feachain le súil na trúadhmheille don dream do cuir *a ccuid leasaidhthe air talamh na bfearmúirighe* gan tairbhe air bith. Gabhaim mo ceadh aig ad tonoir a ttaoibh firinne an sgéil so do nochta dhuit 7 más ní do déana tú daonneach atá dóthchas agam as tonóir do bhrígh go bhfuilim féin 7 seisir eile an riachtanas mór gan bíadh. *Do chuir mise ocht bhfithciod butta amach air talamh Eóin Uí Ríoradain aig an nGleanntán*' (LN G 691, lch 24).

33. *Eoghan Rua Ó Súilleabháin* (file agus scríobhaí, 18ú céad): 'Ag spealadóireacht láimh le Malla': 'Mo léan le luadh agus m'atuirse / 's ní féar do bhuaint ar teascannaibh . . . / lucht féar-leagtha ar phágh; 'mo chreach is mo léan nár ceangladh mé . . . / Ó's deimhin gur réidhteach, grafadh agus déanamh / branair go héag mo ghnó-sa' (R. Ó Foghludha (eag.), *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin* (Baile Átha Cliath 1937) 40).

4. SCLÁBHAÍOCHT CHOITEANN²⁸

34. *Riobárd Dúmhnaoí*: 'a cCnoc an Gharráin [par. Maigh Deilge, Co. Phort Láirge], *lábúir*' (LN G 647, lch 30 (1772)).

35. *Séamas Mac Gearailt* (Corcaíoch, 19ú céad): 'do scríos . . . go holc le cruadas mo mhéaraibh le neart daoroibre' (RIA 23 I 36, lch 91).

36. *Fínghin Ó hAllmhuráin* (Teampall Mháirtín, Co. Chorcaí, 19ú céad): 'aitchim gach ollamh . . . do ghabháil mo leithsgéil . . . do bhrígh gur le garbhobair do chathas m'aimsear' (Aber. Cwrt Mawr 1375, lch [40]).

37. *Mícheál Óg Ó Longáin* (féach roinn 1): '. . . 1801 do bhámar i dtigh linn féin. . . . Gé shíleann an Máirtíneach m'fhanúin *im fhear oibre* nó *im sclábhaí bheag bhocht* aige féin . . .' (RIA 23 N 14, lch 183); '. . . 1802 . . . i bparóiste Ghleanna Maghair, agus do ro bhíos an tan sin *im dhubh-sclábhaí* bheag bhocht féin Máirtíneach' (RIA 23 N 14, lch 218).

38. *Seán Ó Moithill* (féach roinn 3): '. . . da bhrígh gur tré . . . riachtanas an tsaoghuisi mé féin 7 mo mhuirrear air easba bídh 7 éadaig do sgríobhas an beagán so, 7 aiticim air tonoir ['Proinsiais le Cúraidhe'] feachuinn le suil na trúadhmheile orruinn 7 comhair éigin do thabhart orruinn do bhrígh nach fuil dfalltas agam acht corroin annsa tseachtmhuin *a faire lae 7 oidhche*' [= fear faire?] (LN G 691, lch 22).

²⁸ Ag cur síos dó ar na cúinsí ba chiontach leis an ndrochbhail a bhí ar LS LN G 79, deir Sir Thomas Phillipps, bailitheoir iomráiteach lámhscríbhinní san 19ú céad, ina *Catalogus* (uimh. 10839): '. . . [it is] very much thumbed and dirtied, and, perhaps . . . [is among] the volumes described as being in the hands of a labourer, which he read out of, every evening, to amuse his children'.

De dhroim riachtanais, is iomaí scríobhaí ar 'labourer' é.

5. GNÓ

39. *Uilliam Mac Cairteáin* an Dúna (par. Dhún Bolg, Co. Chorcaí, c.1668–1724): dán a chum sé ‘An tan do bhí *teach óla* aige a bhfoigse an Teampuil Ghil san mbliadhain [. . .]’ (MB 11, lch 154).

40. *Aindrias Mac Craith* (An Mangaire Sógach, file agus scríobhaí, ó cheantar na Máighe i gCo. Luimnigh, 18ú céad): an dán (tos. ‘A charaid chumainn leanas laoithe is dánta suilt’) a chum Seán Ó Tuama d’Aindrias: ‘Geallaim duit . . . / an ceangal thugas cheana dhuit . . . / go mairfid . . . / bí it *mhangaire*,²⁹ it Phrotestan nó it Phápaire’ (R. Ó Foghludha (eag.), *Éigse na Máighe* (Baile Átha Cliath 1952) 199).

41. *Seán Ó Dálaigh*: ‘*leabhar-reiceoir* a gCill Chuinnich’ (Leabharlann na hOllscoile, Corcaigh, ls 12).³⁰

42. *Amhlaoibh Ó Súilleabháin*: ‘. . . chuas *ag ceannach earraí*’ (de Bhaldráithe, *Cín lae Amhlaoibh*, línte 1872, 2870 *et passim*); ‘*mo ghnaithe*’, *ibid.*, líne 2185).

43. *Seán Ó Tuama* an Ghrinn³¹ (file agus scríobhaí, ó cheantar na Máighe i gCo. Luimnigh, 18ú céad): ‘Bhí *tig ósta* aige Seaghan Ua Tuama aig Croma’ (Leabharlann na hOllscoile, Cambridge, Add. 2766(20)(16)(b), f. 3 v col. 2); an t-amhrán a chum sé féin, a thos. ‘Is duine mé *dhiolas lún lá*’ (Ó Foghludha, *Éigse na Máighe*, 128).

INNÉACS TÉARMAÍ

aimsir: in aimsir 30	cur (leasaighthe) amach air talamh 32
aoireacht bhó 30	cúram scoile 5
ardmhaighistir nuibhreach 12	dámh: óg-dhámh in ealaidhean 6
bainne: ag dul re bainne 30	damhas-mháistir n. 17
bothán scoile 13	daorobair 35
branar: déanamh branair 33	déanamh branair 33
bróicéir n. 31	deasaigh 21
buaint: féar do bhuaint 33	díol 43
butta [aoiligh] 32	ealaidhe: óg-dhámh in ealaidhean 6;
carta na bhfód 26	teagascóir na n-uimhírealaíon 12
céachta 26	earraí: ag ceannach earraí 42
ceangail: do cheangail faoi chluid 21	faire lae 7 oidhche 38
ceannach earraí 42	fáth-oide 2
ceard: fear céirde 24	fear céirde 24; fear oibre 37
ceardúidhe 24	féar do bhuaint 33; féar-leagadh 33
cléireach n. 14	fearmúir: air talamh na bfearmúirighe 32
cloch: snaoigheadóir cloiche (cloch) 20	feirm bhreagh thalmhan 27; i ndroch-
clúid: do cheangail faoi chluid 21	fheirm thalmhann 30
cúipéir n. 24	feithmheoir Gaoidheilge 4
cuir i bhfoirm 21	figheadóir 18
culaighthe: [a] chúmfas culaighthe 17	foirm: chuir i bhfoirm 21
cum: [a] chúmfas culaighthe 17	fúáil: máistréas fúála n. 17

²⁹Glacaim ón ráiteas seo gur chleacht Aindrias gnó na mangaireachta, dáiríre.

³⁰Breandán Ó Conchúir a thug an tagairt seo dom.

³¹Ní fheadar cad a bhí i gceist ag na scríobhaithe nuair a thugadar ‘*bróicéir Geata Móngruitt*’ air (MC 13, lch 202; Aber. Add. 416, lch 130).

- gabha (dubh) 22; gobha 25
garbhobair 36
garrhdhóir 28, 29
gnaithe 42
gobha 25; gabha (dubh) 22
grafadh 33
lábúir 34
leabhar-reiceoir 41
leagadh: lucht féar-leagtha ar phágh 33
leasughadh 32
léigheann: oide léighinn 3, 10, 11
long: saor loinne (loingis) 19
maighistir (máistir): ardmhaighistir
nuibhreach 12; maighistir bocht sgoile
7, scoilmháistir 16; damhas-mháistir
n. 17
máistréas fúála n. 17
mangaire 40
muileann: muilinn do tháthadh ar linn,
muilte mine ag rith n. 24
múineadh Gaeilge 10; múineadh scoile
10, 13; oide múinnte 15
múinteoir n. 17
obair: fear oibre 37; garbhobair 36; neart
daoroibre 35
óg-dhámh in ealaidheain 6
oide Gaoidheilge 9; oide léighinn 3, 10,
11; oide múinnte 15; fáth-oide 2
oideas 5
ól: teach óla 39
ollamh: an t-órd neamhollamhanta 7
ord: an t-órd neamhollamhanta 7
ósta: tig ósta 43
págh 33
raobadh: [a'] raobadh 's a carta na bhfód
26
reiceoir: leabhar-reiceoir 41
réidhteach, grafadh agus déanamh
branair 33
saor loingis (loinne) 19
sclábhaí: dubh-sclábhaí 37
scoil 10; bothán scoile, tigh scoile, 13;
i gcúram scoile 5; maighistir scoile
7; múineadh scoile 10, 13; sgola-
mhaighistir 7, scoilmháistir 16; seol-
lath scoile 10
scríbhneoir n. 14
seanchaí n. 22
seoladh scoile 10
sgola-mhaighistir 7
sling-dhéantóir 23
snaoigheadóir cloiche (cloch) 20
spealadóireacht 33
talamh 32; acra talún 31; i ndrochfheirm
thalmhann 30
teach óla 39
teagasc 1, 13, 14
teagasgóir 8; teagscór na n-uimhreacha
12
teasc 33
tig ósta 43
tigh scoile 13
uimhreacha: ardmhaighistir nuibhreach,
teagscór na n-uimhreacha 12

NESSA NÍ SHÉAGHDHA

Institiúid Ard-léinn Bhaile Átha Cliath